# Ráiteas Príobháideachais maidir le Láithreán Gréasáin na hOifige Luachála

## Ráiteas Ginearálta

Sa ráiteas seo, leagtar amach cleachtais phríobháideachais na hOifige Luachála i dtaca le príobháideachas úsáideoirí an láithreáin gréasáin seo. Tá naisc le láithreáin ghréasáin eile le fáil ar ár láithreán gréasáin. Níl aon fhreagracht ar an Oifig Luachála i ndáil le cleachtais phríobháideachais na láithreán gréasáin eile sin. Níl feidhm ag an ráiteas príobháideachais seo ach amháin maidir le faisnéis a bhailítear ar láithreán gréasáin s'againn féin.

## Faisnéis Phearsanta a Bhailiú agus a Úsáid

Déantar faisnéis phearsanta a shainaithint mar fhaisnéis ar féidir duine aonair a shainaithint uaithi. Urramaíonn an Oifig Luachála go hiomlán do cheart chun príobháideachais agus ní bhailíonn sí aon sonraí pearsanta fút ar an láithreán gréasáin seo seachas faisnéis phearsanta a roghnaíonn tú go saorálach í a sholáthar. Maidir le haon fhaisnéis phearsanta a sholáthraíonn tú, déileálfar léi de réir na gcaighdeán slándála agus rúndachta is airde i gcomhréir le téarmaí na nAchtanna um Chosaint Sonraí agus, chomh maith leis sin, i gcomhréir le téarmaí an Rialacháin Ghinearálta maidir le Cosaint Sonraí (RGCS) dá bhforáiltear i Rialachán (AE) 2016/679 an 27 Aibreán 2016 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle. Ní bhaineann an Oifig Luachála úsáid as faisnéis phearsanta den sórt sin ach amháin i gcomhréir leis an gcuspóir ar ina leith a chuir tú ar fáil í.

## Ceart maidir le Rochtain

Faoin na hAchtanna um Chosaint Sonraí agus faoi RGCS, tá tú i dteideal cóip de do chuid sonraí pearsanta a fháil aon tráth. Féadfar cóip den fhaisnéis sin a fháil ach iarraidh a dhéanamh i scríbhinn chuig: Cillian Byrnes Uas., An tOifigeach Cosanta Sonraí, An Oifig Luachála, Ionad *Irish Life*, Sráid Líosain Íochtarach, Baile Átha Cliath 1, nó le ríomhphost: cillian.byrnes@valoff.ie. Nuair a fhaightear iarraidh bhailí, déanfaidh an Oifig Luachála d'iarraidh a phróiseáil laistigh d'aon mhí amháin.

## Ceart maidir le Ceartú agus Léirscriosadh

Tá tú i dteideal a chur faoi deara do chuid sonraí pearsanta a cheartú má shealbhaímid sonraí míchruinne nó do chuid sonraí pearsanta a léirscriosadh más rud é nach bhfuil cúis dhlisteanach againn chun iad a choimeád. I gcás inar mian leat iarratas a dhéanamh chun sonraí a cheartú nó a léirscriosadh, is féidir leat déanamh amhlaidh ach iarraidh i scríbhinn ina leith sin a chur chuig: Cillian Byrnes Uas., An

tOifigeach Cosanta Sonraí, An Oifig Luachála, Ionad *Irish Life*, Sráid na Mainistreach Íochtarach, Baile Átha Cliath 1, Teil: 8171006 nó le ríomhphost chuig: cillian.byrnes@valoff.ie. Déanfar do chuid sonraí pearsanta a cheartú nó a léirscriosadh laistigh d'aon mhí amháin ar choinníoll go bhfuil fianaise réasúnach ann chun tacú le ceartú nó le léirscriosadh.

## Ceart maidir le hIniomparthacht Sonraí

Tá tú i dteideal do chuid sonraí a fháil uainn agus a chur faoi deara iad a aistriú chuig eagraíocht eile. I gcás inar mian leat iarratas a dhéanamh chun do chuid sonraí a aistriú chuig eagraíocht eile, is féidir leat déanamh amhlaidh ach iarraidh i scríbhinn ina leith sin a chur chuig Cillian Byrnes Uas., An tOifigeach Cosanta Sonraí, An Oifig Luachála, Ionad *Irish Life*, Sráid na Mainistreach Íochtarach, Baile Átha Cliath 1, Teil: 8171006 nó le ríomhphost chuig: cillian.byrnes@valoff.ie. Nuair a fhaightear iarraidh bhailí déanfar do chuid sonraí pearsanta a aistriú chuig an eagraíocht eile laistigh d'aon mhí amháin.

## Ceart maidir le Srianadh ar Phróiseáil

Tá tú i dteideal agóid a dhéanamh i gcoinne do chuid sonraí a bheith á bpróiseáil againn in imthosca áirithe. I gcás inar mian leat iarratas a dhéanamh chun próiseáil do chuid sonraí a shrianadh, is féidir leat déanamh amhlaidh ach iarraidh i scríbhinn ina leith sin a chur chuig: Cillian Byrnes Uas., An tOifigeach Cosanta Sonraí, An Oifig Luachála, Ionad *Irish Life*, Sráid na Mainistreach Íochtarach, Baile Átha Cliath 1, Teil: 8171006 nó le ríomhphost chuig: cillian.byrnes@valoff.ie. Déanfar próiseáil do chuid sonraí pearsanta a shrianadh laistigh d'aon mhí amháin ar choinníoll go bhfuil fianaise réasúnach ann chun tacú leis an ngá le srianadh.

## Faisnéis Theicniúil a Bhailiú agus a Úsáid

Úsáideann an láithreán gréasáin seo **fianáin**, agus cuireann ár láithreán gréasáin na fianáin sin ar ríomhaire úsáideora chun a chumasú do bhrabhsálaí idirlín an úsáideora cuimhneamh ar na leathanaigh den láithreán gréasáin seo a dtugtar cuairt orthu. Déanann ár soláthróir seirbhíse idirlín mionsonraí teicniúla i ndáil le cuairteanna ar an láithreán gréasáin seo a logáil ar mhaithe le cúrsaí staitistice. Ní bhailítear aon fhaisnéis a bhféadfaí í a úsáid chun cuairteoirí ar an láithreán gréasáin seo a shainaithint. Tá na mionsonraí teicniúla a logáiltear teoranta do na hítimí seo a leanas: an cineál brabhsálaí idirlín a úsáideadh chun rochtain a fháil ar ár láithreán gréasáin, **córas oibriúcháin (OS)** fheiste rochtana an chuairteora, **seoladh IP** fhreastalaí idirlín an chuairteora, dáta agus am na rochtana ar ár láithreán gréasáin, an láithreán gréasáin óna bhfuair an cuairteoir rochtain orainn, lena n-áirítear aon téarmaí cuardaigh a úsáideadh agus aon sonraí a thaispeánann an trácht cuairteoirí ar an láithreán gréasáin seo (mar shampla, na leathanaigh a bhfuarthas rochtain

orthu). Ní bhailítear aon fhaisnéis theicniúil ar féidir cuairteoirí ar leithligh chuig an láithreán gréasáin seo a shainaithint uaithi ná chun na mionsonraí teicniúla thuas a chur i mbaint le haon duine aonair. Is é beartas na hOifige Luachála é gan faisnéis theicniúil den sórt sin maidir le cuairteoirí ar leithligh ar an láithreán gréasáin a nochtadh riamh d'aon tríú páirtí (seachas ár soláthróir seirbhíse idirlín a thaifeadann na sonraí sin thar ár gceann agus atá faoi cheangal ag forálacha rúndachta i dtaca leis an ábhar seo de), mura rud é go bhfuil oibleagáid dhlíthiúil ann an fhaisnéis a nochtadh. Baintear úsáid as faisnéis den sórt sin chun cabhrú linn seirbhís éifeachtach a sholáthar do na cuairteoirí ar ár láithreán gréasáin, agus chun an tseirbhís sin a fhorbairt, agus chun cabhrú linn ár láithreán gréasáin a dhéanamh níos áisiúla don úsáideoir. Is ceart duit a thabhairt do d'aire nach ionann mionsonraí teicniúla, nach féidir linn aon duine aonair in-sainaitheanta a chur i mbaint leo, agus "sonraí pearsanra" chun críocha na nAchtanna um Chosaint Sonraí 1988 agus 2003. Trí bhrabhsáil a dhéanamh ar an láithreán gréasáin seo, aontaíonn tú le húsáid fianán.

## Gluais Téarmaí Teicniúla a Úsáidtear

**Brabhsálaí Idirlín:** Na bogearraí atá ar fheiste agus a úsáidtear chun rochtain a fháil ar leathanaigh idirlín agus chun breathnú orthu. Samplaí is ea iad Microsoft Internet Explorer, Google Chrome, Netscape Navigator agus Mozilla Firefox.

**Córas Oibriúcháin:** Is é atá i gcóras oibriúcháin (OS) ná bailiúchán bogearraí lena ndéantar bainistíocht ar chrua-earraí ríomhairí (e.g. Windows XP, Windows 7, Apple OS & Android).

**Seoladh IP:** An seoladh uathúil trína sainaithnítear do ríomhaire ar an idirlíon. Is é atá sa seoladh ná sraith ceithre uimhreacha ina bhfuil aon go trí dhigit atá scartha óna chéile le poncanna, mar shampla, 291.7.251.32.

**Fianáin:** Is é atá i bhfianáin ná píosaí beaga faisnéise a gcuireann láithreán gréasáin ar do ríomhaire iad agus is féidir leis an láithreán gréasáin sin iad a léamh nuair a thugann tú cuairt ar an láithreán gréasáin sin ina dhiaidh sin. D'fhéadfadh sé go mbainfeadh an fhaisnéis atá stóráilte i bhfianán le do chuid pátrúin bhrabhsála ar an leathanach idirlín, nó d'fheadfadh uimhir uathúil aitheantais a bheith ann le go bhféadfaidh an láithreán gréasáin "cuimhneamh" ort nuair a thagann tú ar ais. Maidir leis na fianáin a úsáidtear ar láithreán gréasáin s'againne, is é sin, www.valoff.ie, ní bhailíonn siad faisnéis phearsanta ar féidir tú a shainaithint uaithi mura rud é gur thug tú an fhaisnéis sin don láithreán gréasáin. Ligeann an chuid is mó brabhsálaithe duit fianáin a mhúchadh nó do chuid socruithe a oiriúnú i leith fianán. Chun a fháil amach conas sin a dhéanamh, féach an roghchlár 'Cabhair' ar do bhrabhsálaí. Tabhair do d'aire, le do thoil, go bhféadfadh sé tarlú nach n-oibreoidh roinnt gnéithe de láithreáin ghréasáin i gceart má mhúchann tú fianáin nó má athraíonn tú na socruithe ina leith.